

**An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2025
(OR. en)**

9461/25

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0160 (NLE)**

TRANS 207

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	4 Meitheamh 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 17ú cruinniú de Choiste Saineolaithe Teicniúla na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) maidir leis an athbhreithniú ar Shaintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha is infheidhme maidir leis an bhfochóras 'rothstoc – innill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí' (UTP LOC&PAS), i ndáil le hinrochtaineacht an chórais iarnróid do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe (UTP PRM), maidir le marcáil feithicle (UTP Marking), leis an bhfochóras 'bonneagar' (UTP INF), leis an bhfochóras Feidhmchláir theileamaitice le haghaidh seirbhísí lasta (UTP TAF), agus leis an nuashonrú ar an Lámhleabhar maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Rialacha Aonfhoirmeacha APTU agus ATMF

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 305 final.

Faoi iamh: COM(2025) 305 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.6.2025
COM(2025) 305 final

2025/0160 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 17ú cruinniú de Choiste Saineolaithe Teicniúla na hEagraíochta Idir-rialtasáí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) maidir leis an athbhreithniú ar Shaintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha is infheidhme maidir leis an bhfochóras ‘rothstoc – innill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí’ (UTP LOC&PAS), i ndáil le hinrochtaineacht an chórais iarnróid do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe (UTP PRM), maidir le marcáil feithicle (UTP Marking), leis an bhfochóras ‘bonneagar’ (UTP INF), leis an bhfochóras Feidhmchláir theileamaitice le haghaidh seirbhísí lasta (UTP TAF), agus leis an nuashonrú ar an Lámhleabhar maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Rialacha Aonfhoirmeacha APTU agus ATMF

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Beidh an 17ú seisiún de Choiste Saineolaithe Teicniúla (CTE) na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) ar siúl i mBeirn an 17 agus 18 Meitheamh 2025. Áirítear i gclár oibre an chruinnithe na tograí seo a leanas lena nglacadh:

- Athbhreithniú ar an tSaintreoir Theicniúil Aonfhoirmeach is infheidhme maidir leis an bhfóchóras ‘rothstoc – innill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí’(UTP LOC&PAS);
- Athbhreithniú ar an tSaintreoir Theicniúil Aonfhoirmeach is infheidhme maidir le hinrochtaineacht an chórais iarnróid do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe (UTP PRM);
- Athbhreithniú ar an tSaintreoir Theicniúil Aonfhoirmeach is infheidhme maidir le marcáil feithicle (UTP Marking);
- Athbhreithniú ar an tSaintreoir Theicniúil Aonfhoirmeach is infheidhme maidir leis an bhfóchóras ‘bonneagar’(UTP INF);
- Modhnú ar Fhoscríbhinn I (tagairtí do na doiciméid theicniúla) a ghabhann leis an tSaintreoir Theicniúil Aonfhoirmeach is infheidhme maidir leis an bhfóchóras Feidhmchláir theileamaitice le haghaidh seirbhísí lasta (UTP TAF);
- Nuashonrú ar an Lámhleabhar maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Rialacha Aonfhoirmeacha APTU agus ATMF.

Tá clár oibre an chruinnithe agus na doiciméid a bhaineann leis na tograí lena nglacadh ar fáil ar shuíomh gréasáin OTIF https://otif.org/en/?page_id=1025.

Forbraíonn OTIF córais dlí aonfhoirmeacha le haghaidh iompar ar iarnród idirnáisiúnta i dtí phríomhréimse gníomhaíochta: idir-inoibritheacht theicniúil, earraí contúirteacha agus dlí na gconarthaí iarnróid.

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. An Coinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF)

An Coinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród an 9 Bealtaine 1980, arna leasú ag Prótacal Vilnius an 3 Meitheamh 1999 ('COTIF'), is comhaontú idirnáisiúnta é inar Páirtithe Conarthacha iad an tAontas Eorpach agus 25 Bhallstát¹.

An 16 Meitheamh 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/103/AE ón gComhairle maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus OTIF maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh don Choinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF) an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnius an 3 Meitheamh 1999 ('Comhaontú Aontachais AE-COTIF')².

¹ Is iad an Chipir agus Málta amháin nach Páirtithe Conarthacha ann iad.

² Cinneadh 2013/103/AE ón gComhairle an 16 Meitheamh 2011 maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh don Choinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta

Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Iúil 2011.

De réir Airteagal 2(1) de COTIF, is é is aidhm do OTIF an t-iompar idirnáisiúnta d'iarnród a chur chun cinn, a fheabhsú agus a éascú, ar gach bealach, go háirithe trí chórais dlí aonfhoirmigh a bhunú i réimsí éagsúla an dlí maidir leis an trácht idirnáisiúnta d'iarnród. Chomh maith leis sin, rialaítear le COTIF feidhmiú na hEagraíochta, a cuspóirí, saintréithe agus caidreamh na hEagraíochta leis na Stáit Chonarthacha, mar aon lena gníomhaíochtaí go ginearálta.

Dá bhrí sin, déileáiltear in COTIF leis an reachtaíocht iarnróid i ndáil le roinnt ábhair dhlíthiúla agus theicniúla éagsúla iarnróid a roinntear in dhá chuid: an Coinbhinsiún féin, lena rialaítear feidhmiú OTIF, agus na hocht bhFoscscríbhinn lena mbunaítear an dlí iarnróid aonfhoirmeach:

- Foscscríbhinn A – An Conradh le haghaidh Iompar Idirnáisiúnta Paisinéirí d'Iarnród (**CIV**)
- Foscscríbhinn B – An Conradh le haghaidh Iompar Idirnáisiúnta Earraí d'Iarnród (**CIM**)
- Foscscríbhinn C – Iompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnród (**RID**)
- Foscscríbhinn D – An Conradh maidir le húsáid feithiclí sa trácht iarnróid idirnáisiúnta (**CUV**)
- Foscscríbhinn E – An Conradh maidir le húsáid an bhonneagair sa trácht iarnróid idirnáisiúnta (**CUI**)
- Foscscríbhinn F – Rialacha Aonfhoirmeacha maidir le Bailíochtú na gCaighdeán Teicniúil agus Glacadh Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha is infheidhme maidir le hÁbhar Iarnróid le haghaidh úsáid sa Trácht Idirnáisiúnta (**APTU UR**)
- Foscscríbhinn G – Rialacha Aonfhoirmeacha a bhaineann le Cead Isteach Teicniúil d'Ábhar Iarnróid a úsáidtear sa Trácht Idirnáisiúnta (**ATMF UR**)
- Foscscríbhinn H – Rialacha Aonfhoirmeacha maidir le hoibriú sábháilte traenacha sa trácht idirnáisiúnta (**EST UR**)

Ar bhonn Foscscríbhinn F agus G a ghabhann le COTIF, tá 18 Saintreoir Theicniúla Aonfhoirmeacha (UTPanna) ann maidir leis an idir-inoibritheacht theicniúil. Is ionann cuspóir do UTPanna i gcreat COTIF agus do shonraíochtaí teicniúla an Aontais Eorpaigh le haghaidh na hidir-inoibritheachta maidir le cead isteach sa trácht idirnáisiúnta, mar a shainítear i gCaibidil II de Threoir (AE) 2016/797³.

43 Stát as na 50 Stát atá ina bPáirtithe in COTIF, lena n-áirítear 25 Bhallstát den Aontas Eorpach a luadh cheana, cuireann siad Foscscríbhinn F agus G i bhfeidhm.

Ar bhonn Foscscríbhinn H a ghabhann le COTIF, tá 4 Iarscríbhinn ann le haghaidh modhanna comhchoiteanna sábháilteachta. Is ionann cuspóir d'Iarscríbhinní a ghabhann le Rialacha Aonfhoirmeacha maidir le hoibriú sábháilte traenacha sa trácht idirnáisiúnta i gcreat COTIF

d'Iarnród (COTIF) an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Protocal Vilnius an 3 Meitheamh 1999 (IO L 51, 23.2.2013, lch. 1 ELI: [http://data.europa.eu/eli/dec/2013/103\(1\)/oj](http://data.europa.eu/eli/dec/2013/103(1)/oj)).

³ Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach (athmhúnlú) (IO L 138, 26.5.2016, lch. 44, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2016/797/oj>)

agus modhanna comhchoiteanna sábháilteachta an Aontais Eorpaigh maidir le cead isteach sa trácht idirnáisiúnta, mar a shainítear i gCaibidil II de Threoir (AE) 2016/798⁴.

Tá teacht i bhfeidhm Fhoscríbhinn H fós ag feitheamh le formheas ó dhá thrian de na stáit is páirtithe in OTIF.

2.2. Coiste Saineolaithe Teicniúla (CTE) OTIF

Bunaítear an Coiste Saineolaithe Teicniúla le hAirteagal 13(1)(f) de COTIF. Tá sé comhdhéanta de na Ballstáit OTIF a chuireann Foscríbhinní F agus G (APTU, ATMF) a ghabhann le COTIF i bhfeidhm.

Tá inniúlacht ag CTE maidir le hábhair idir-inoibritheachta agus an comhchuibhiú teicniúil sa réimse iarnróid agus sna nósanna imeachta formheasa teicniúla. Forbraíonn sé Foscríbhinní APTU agus ATMF agus a Rialacha Aonfhoirmeacha, a bhfuil feidhm acu maidir le hábhar iarnróid atá beartaithe lena úsáid sa trácht idirnáisiúnta, a bhaineann go sonrach leis an méid seo a leanas:

- glacadh saintreoracha teicniúla le haghaidh feithiclí agus bonneagair agus bailíochtú na gcaighdeán;
- nósanna imeachta maidir le measúnú ar chomhréireacht feithiclí;
- forálacha maidir le cothabháil feithiclí;
- freagrachtaí maidir le comhdhéanamh traenach agus úsáid shábháilte feithiclí;
- forálacha maidir le meastóireacht riosca agus measúnú riosca;
- sonraíochtaí le haghaidh clár.

Tá Buanmheitheal (WG TECH) ag CTE faoi láthair agus is í atá freagrach as cinntí CTE a ullmhú.

De bhun Airteagal 20(1) (b) de COTIF agus i gcomhréir le hAirteagal 6 d'Fhoscríbhinn F (APTU), tá CTE inniúil chun UTPanna a ghlacadh nó a leasú.

I gcomhréir le hAirteagal 21(4) d'Fhoscríbhinn G (ATMF), tá CTE inniúil chun modhanna agus cleachtais a mholadh a bhaineann le ligean isteach teicniúil ábhair iarnróid a úsáidtear sa trácht idirnáisiúnta.

2.3. Gníomhartha á nglacadh ag CTE

De réir Airteagal 6 de APTU, déanfaidh CTE cinneadh maidir le UTP a ghlacadh nó foráil a dhéanamh lena leasú i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 16, 20 agus 33 § 6 de COTIF. Tiocfaidh na cinntí sin i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 35 §§ 3 agus 4 den Choinbhinsiún.

⁴ Treoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le sábháilteacht iarnróid (athmhúnlú) (IO L 138, 26.5.2016, lch. 102, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2016/798/oj>)

2.4. Na gníomhartha atá beartaithe agus atá le glacadh ag CTE le linn sheisiúin an 17 agus an 18 Meitheamh 2025

2.4.1. *Athbhreithniú ar an tSaintreoir Theicniúil Aonfhoirmeach is infheidhme maidir leis an bhfochóras 'rothstoc – innill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí'(UTP LOC&PAS)*

Le UTP LOC&PAS leagtar síos ceanglais fheidhmiúla agus theicniúla maidir le hinnill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí a ligean isteach sa trácht idirnáisiúnta laistigh de chríocha Stáit Chonarthaigh uile COTIF, i gcomhréir le Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF. Cumhdaítear leis ceanglais maidir le dearadh teicniúil agus táirgeadh agus nósanna imeachta fíorúcháin.

Is é is aidhm don togra sin maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar UTP LOC&PAS é a choimeád ailínithe le forbairtí dlíthiúla san Aontas Eorpach agus cásanna sonracha agus rialacha cur chun feidhme ar leith a thabhairt cothrom le dáta. Thairis sin, soiléirítear sa togra raon feidhme na UTP LOC&PAS agus a chur i bhfeidhm maidir le feithiclí atá oiriúnach do shaorchúrsaíocht agus d'fheithiclí inmhalartaithe.

Áirítear an méid seo a leanas sna modhnuithe atá beartaithe:

- Soiléirithe maidir le raon feidhme agus cur i bhfeidhm UTP;
- Tagairtí do reachtaíocht an Aontais agus do chaighdeán a thabhairt cothrom le dáta;
- Forálacha nua maidir leis na comhéadain laistigh d'fheithicil idir an fochóras rothstoc agus an chuid den fhochóras rialaithe, ceannais agus comharthaíochta atá ar bord;
- Forálacha modhnaithe maidir le huisce a scaoiltear ó shaoráidí sláintíochta ar bord nó trí shaoráidí sláintíochta ar bord;
- Forálacha modhnaithe maidir leis an sruth uasta trí gach pantagraf agus an traein ina stad;
- Forálacha nua a bhaineann le feidhmeanna braite díráillithe agus coiscithe díráillithe;
- Forálacha modhnaithe maidir leis an ngaireas taifeadta traenacha;
- Ceanglais bhreise maidir leis an doiciméadacht nach mór a sholáthar leis an rothstoc;
- Forálacha breise a bhaineann le cead isteach i limistéar leathan úsáide, forálacha is infheidhme maidir le cineálacha áirithe cóistí paisinéirí, i.e. feithiclí inmhalartaithe;
- Na rialacha cur chun feidhme a thabhairt cothrom le dáta, go háirithe trí dheireadh a chur le sprioc-amanna bailíochta (céimeanna A agus B) le haghaidh feithicil agus cineálacha feithicil a chomhlíonann leaganacha roimhe seo den UTP;
- Cásanna sonracha agus rialacha cur chun feidhme ar leith do Stáit Chonarthaigh nach Ballstáit den Aontas iad a thabhairt cothrom le dáta;
- Modhnuithe eagarthóireachta chun UTP a ailíniú leis an gcleachtas is déanaí.

2.4.2. *Athbhreithniú ar an tSaintreoir Theicniúil Aonfhoirmeach is infheidhme maidir le hinrochtaineacht an chórais iarnróid do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe (UTP PRM)*

Leagann UTP PRM síos ceanglais inrochtaineachta chomhchuibhithe le haghaidh feithicil paisinéirí a úsáidtear sa trácht idirnáisiúnta faoi raon feidhme ATMF UR.

Is é is aidhm don togra sin maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar UTP PRM é a choimeád ailínithe le forbairtí dlíthiúla san Aontas Eorpach. Thairis sin, soiléirítear leis an togra raon feidhme UTP PRM maidir le feithiclí agus maidir le fochórais eile. Go háirithe, tá cur i bhfeidhm UTP PRM éigeantach go ginearálta i gcás rothstoc paisinéirí nua a ligtear isteach sa trácht idirnáisiúnta i gcomhréir le ATMF UR. Ina theannta sin déanann UTP PRM cur síos ar pharaiméadair roghnacha le haghaidh na bhfochóras bonneagair, oibríochta agus teileamaitice.

Áirítear an méid seo a leanas sna modhnuithe atá beartaithe:

- Soiléirithe maidir le raon feidhme agus cur i bhfeidhm UTP;
- Tagairtí do reachtaíocht an Aontais agus do chaighdeán a thabhairt cothrom le dáta;
- Forálacha modhnaithe maidir le comharthaí inchloiste a bhaineann le hoscailt agus dúnadh doirse paisinéirí;
- Forálacha modhnaithe agus forálacha breise a bhaineann le faisnéis bealaigh dhinimiciúil i dtraenacha agus ar thraenacha;
- Na rialacha cur chun feidhme a thabhairt cothrom le dáta, i gcomhréir le rialacha cur chun feidhme UTP LOC&PAS;
- Modhnuithe eagarthóireachta chun UTP a ailíniú leis an gcleachtas is déanaí.

2.4.3. Athbhreithniú ar an tSaintreoir Theicniúil Aonfhoirmeach is infheidhme maidir le marcáil feithicle (UTP Marking)

Leagann UTP Marking síos na ceanglais is infheidhme maidir le feithiclí a úsáidtear i Stáit Chonarthaigh COTIF i ndáil lena n-uimhreacha feithicle agus marcálacha aibítreacha gaolmhara ar a bhfrámaí cabhlach.

Is é is aidhm don togra seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar UTP Marking na tagairtí d'fhorálacha an Aontais a thabhairt cothrom le dáta. Thairis sin, chun tuiscint ar na rialacha a éascú, ba cheart faisnéis a chur isteach chun brí na hUimhreach Eorpaí Feithiclí (EVN) le haghaidh vaigíní lastais a shoiléiriú. Tá ceartúcháin teanga agus athruithe eagarthóireachta san áireamh freisin.

2.4.4. Athbhreithniú ar an tSaintreoir Theicniúil Aonfhoirmeach is infheidhme maidir leis an bhfochóras 'bonneagar' (UTP INF)

Leagann UTP INF amach na paraiméadair bonneagair iarnróid atá ábhartha i dtéarmaí comhoiriúnachta le feithiclí a úsáidtear sa trácht idirnáisiúnta faoi raon feidhme UR ATMF agus modhanna sonracha chun na paraiméadair sin a sheiceáil.

Is é is aidhm don togra sin maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar UTP INF é a choimeád ailínithe le forbairtí dlíthiúla san Aontas Eorpach agus cásanna sonracha agus rialacha cur chun feidhme ar leith a thabhairt cothrom le dáta.

Áirítear an méid seo a leanas sna modhnuithe atá beartaithe:

- Soiléirithe maidir le raon feidhme agus cur i bhfeidhm roghnach UTP;
- Tagairtí do reachtaíocht an Aontais agus do chaighdeán a thabhairt cothrom le dáta;
- Forálacha nua a bhaineann le hiompar traschórais;
- Forálacha nuashonraithe maidir le catagóirí na línte;

- Forálacha nua maidir le hathruithe brú uasta i dtolláin ag a bhfuil luasanna oibriúcháin 200 km/u nó níos mó;
- Forálacha modhnaithe maidir le cur i bhfeidhm deonach UTP maidir leis an mbonneagar atá ann cheana;
- Cásanna sonracha agus rialacha cur chun feidhme ar leith do Stáit Chonarthacha nach Ballstáit den Aontas iad a thabhairt cothrom le dáta;
- Modhnuithe eagarthóireachta chun UTP a ailíniú leis an gcleachtas is déanaí.

2.4.5. *Modhnú ar an UTP maidir le Feidhmchláir theileamaitice le haghaidh seirbhísí lasta (UTP TAF)*

Le UTP TAF leagtar síos ceanglais maidir leis an bpróiseas cumarsáide idir gnóthais iarnróid agus bainisteoirí bonneagair, bunachair sonraí atá beartaithe a úsáid chun traenacha agus gluaiseachtaí vaigíní a rianú agus faisnéis atá le seachadadh chuig custaiméirí lasta.

Is é is aidhm don togra na tagairtí a choimeád ailínithe le Doiciméid Theicniúla ERA maidir le STI TAF a liostaítear i bhFoscúbhinn I a ghabhann le UTP TAF.

Is gá modhnuithe a dhéanamh ar na doiciméid theicniúla dá dtagraítear i bhFoscúbhinn I a ghabhann le UTP TAF chun earráidí a cheartú, aiseolas a chur san áireamh, coimeád suas le dul chun cinn teicniúil agus coibhéis leis na sonraíochtaí a shainítear i ndoiciméad teicniúil ERA dar teideal ERA-TD-105: STI TAF— Iarscúbhinn D.2: Foscúbhinn F — Sonraí agus samhail teachtaireachta STI TAF.

2.4.6. *Nuashonrú ar an Lámhleabhar maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Rialacha Aonfhoirmeacha APTU agus ATMF.*

Leagtar amach sa lámhleabhar na ceanglais maidir le Foscúbhinn F a ghabhann le COTIF (APTU UR) agus Aguisín G a ghabhann le COTIF (ATMF UR) a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm maidir le hiompar idirnáisiúnta d'iarnród, agus tugtar tuairisc ann ar na róil agus na freagrachtaí éagsúla i ndáil le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm. Tá sé beartaithe go bhfeidhmeoidh sé mar thagairt phraiticiúil do chomhaltaí OTIF agus do stáit ar spéis leo aontú do COTIF, go háirithe le haghaidh na n-údarás, na n-eintiteas agus na ngníomhaithe ina n-earnálacha iarnróid féin.

Níl an Lámhleabhar ceangailteach ó thaobh dlí de faoi COTIF ach mar sin féin d'fhéadfadh éifeachtaí dlíthiúla a bheith aige. Is é OTIF CTE, arna bhunú ag COTIF, a ghlacann é. Tá sé de chumhacht ag COTIF an Lámhleabhar agus a modhnuithe a ghlacadh, i.e. moltaí i gcomhréir le hAirteagal 21(4) de ATMF UR. Bheadh an Lámhleabhar (agus, dá bhrí sin, an leasú atá beartaithe air) mar bhonn eolais don bhealach nach mór don Aontas a oibleagáidí faoi COTIF a chur chun feidhme.

Is gá nuashonrú a dhéanamh ar an lámhleabhar maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Rialacha Aonfhoirmeacha APTU agus ATMF chun an t-aiseolas ó thaithí Stáit Chonarthacha COTIF a chur san áireamh.

3.1. **Inniúlacht an Aontais agus cearta vótála**

De bhun Airteagal 6 den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh le COTIF arna fhormheas trí Chinneadh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2011:

‘1. Maidir le cinntí i ndáil le hábhair ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas, déanfaidh an tAontas cearta vótála a Bhallstát a fheidhmiú faoin gCoinbhinsiún.

2. Maidir le cinntí i ndáil le hábhair ina roinneann an tAontas a inniúlacht lena Bhallstáit, vótálfaidh an tAontas nó a Bhallstáit.

3. Faoi réir Airteagal 26, mír 7 den Choinbhinsiún, beidh an líon céanna vótaí ag an Aontas agus atá ag a Bhallstáit atá ina bPáirtithe sa Choinbhinsiún freisin. Nuair a vótálfaidh an tAontas, ní vótálfaidh a Bhallstáit.’

De bhun Airteagal 3(2) CFAE, tá inniúlacht eisiach ag an Aontas i ndáil le gealltanais idirnáisiúnta atá le tabhairt i gcomhthéacs COTIF, lena n-áirítear ionstraimí dlí a ghlactar dá bhun, i gcás ina bhfuil an baol ann go ndéanfaidh gealltanais den sórt sin difear do rialacha an Aontais atá ann cheana nó go n-athrófaí a raon feidhme.

Is é is cuspóir do na cinntí atá beartaithe an méid seo a leanas:

- UTP LOC&PAS, UTP PRM, UTP INF, agus UTP Marking a ailíniú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1694 ón gCoimisiún⁵ (‘Pacáiste TSI 2023),
- na tagairtí a ailíniú le Doiciméid Theicniúla ERA maidir le STI-TAF a liostaítear i bhFoscúibhinn I a ghabhann le UTP TAF a liostaítear i bhFoscúibhinn I.

Baineann na cinntí sin le réimse na seirbhísí iompair d’iarnród. Cumhdaítear réimse na seirbhísí iompair d’iarnród den chuid is mó le rialacha de chuid an Aontais a bhfuil an baol ann, dá bhrí sin, go ndéanfaí difear dó nó go n-athrófaí é le glacadh na gcinntí sin. Dá bhrí sin, déanfaidh an tAontas na cearta vótála a fheidhmiú i ndáil le glacadh na gcinntí sin agus is é an Coimisiún a dhéanfaidh ionadaíocht thar a cheann.

3.2. Na conclúidí atá beartaithe

Ar na cúiseanna go léir a shonraítear i míreanna 2.4.1 go 2.4.6 faoi seach, ba cheart don Aontas vótáil mar a mholtar thíos i míreanna 3.2.1 go 3.2.6 faoi seach.

3.2.1. *Athbhreithniú ar an tSaintreoir Theicniúil Aonfhoirmeach is infheidhme maidir leis an bhfochóras ‘rothstoc – innill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí’(UTP LOC&PAS)*

Ba cheart don Aontas Eorpach vótáil i bhfabhar athbhreithniú ar UTP LOC&PAS TECH-25003, faoi réir na leasuithe a liostaítear thíos. I gcás nach dtugtar isteach na leasuithe sin, ba cheart don Aontas Eorpach vótáil i gcoinne an athbhreithnithe atá beartaithe ar UTP LOC&PAS.

- (a) i roinn 1 (Introduction) den Iarscríbhinn, an dara fomhír, ba cheart an focal ‘network(s)’ a chur in ionad an fhocail ‘infrastructure’ chun a léiriú nach bhfuil an inchomparáideacht theicniúil teoranta don bhonneagar ach go gcumhdaíonn sí gnéithe fuinnimh agus comharthaíochta taobh riain freisin;
- (b) i bpointe 2.1 (The rolling stock subsystem as part of the rail system) den Iarscríbhinn, an ceathrú fomhír, ba cheart ‘, UTP WAG’ a scriosadh ós rud é nach

⁵ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1694 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2023 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 321/2013, (AE) Uimh. 1299/2014, (AE) Uimh. 1300/2014, (AE) Uimh. 1301/2014, (AE) Uimh. 1302/2014, (AE) Uimh. 1304/2014 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/777 (IO L 222, 8.9.2023, lch. 88, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1694/oj).

dtagraíonn an UTP sin ach don fhochóras ‘tubaistí agus rothstoc paisinéirí’ nach gcumhdaítear le UTP WAG;

- (c) i bpointe 2.2.1 (Train formation), mír (1), ba cheart an téarma ‘UTP verification procedure’ a chur in ionad an téarma ‘OTIF technical admission’ ar mhaithe le comhsheasmhacht le pointe 0.1, mír (4);
- (d) ba cheart pointí 3.2.1 (General requirements, requirements related to maintenance and operation) agus 3.2.2 (Requirements specific to other subsystem) a scriosadh chun iad a ailíniú le Pacáiste STI 2023.
- (e) i bpointe 4.2.3.4.2 (Running dynamic behaviour), ba cheart ‘Additional requirements regarding interface with on-board part of the control-command and signalling subsystem’ a chur in ionad theideal mhír (d) chun é a ailíniú go hiomlán le Pacáiste STI 2023;
- (f) i mír (8) de phointe 4.2.3.4.2 (Running dynamic behaviour), i míreanna (3) agus (4) de phointe 4.2.4.3 (Type of brake system), i mír (3) de phointe 4.2.4.4.1 (Emergency braking command), i mír (5) de phointe 4.2.4.4.2 (Service braking command), i mír (4) de phointe 4.2.4.4.4 (Dynamic braking command), i mír (6) de phointe 4.2.4.8.2 (Magnetic track brake), i mír (9) de phointe 4.2.4.8.3 (Eddy current track brake), i mír (2) de phointe 4.2.5.5.6 (Door opening), i mír (8) de phointe 4.2.8.1.2 (Requirements on performance), i mír (4) de phointe 4.2.8.2.4 (Maximum power and current from the overhead contact line), i mír (5), an dara fómhír, de phointe 4.2.8.2.9.8 (Running through phase or system separation sections
- (g) (RST level)), i míreanna (5) agus (6) de phointe 4.2.9.1.6 (Driver’s desk ergonomics), i mír (4) de phointe 4.2.9.3.6 (Radio Remote control function by staff for shunting operation), i bpointí 4.2.9.3.8.1 (Sleeping mode), 4.2.9.3.8.2 (Passive shunting), 4.2.9.3.8.3 (Non leading), 4.2.9.3.9 (Traction status), i mír (5) de phointe 4.2.10.4.2 (Smoke Control), i bpointe 4.2.13 (Interface requirements with Automated Train Operation on-board):
 - ba cheart ‘control-command and signalling subsystem’ a chur in ionad ‘signalling system’;
 - Ba cheart ‘See point 4.3.4’ a scriosadh, ós rud é nach mbaineann tagairt den sórt sin le hinneachar phointe 4.2.3.4.2;
- (h) i bpointe 4.2.4.6.1 (Limit of wheel rail adhesion profile), ba cheart an fhoclaíocht ‘Note to points (1) – (4)’ a scriosadh toisc gur ceanglas é an téacs comhfhreagrach, ní nóta;
- (i) i bpointe 4.2.4.7 (Dynamic brake – Braking system linked to traction system), ba cheart ‘For electric units, in case the presence on-board the unit of the voltage delivered by the external power supply is a condition for the dynamic brake application, the safety analysis shall cover failures leading to absence on-board the unit of that voltage.’ a chur in ionad an tríú mír chun ailíniú iomlán a dhéanamh le Pacáiste STI 2023;
- (j) i bpointe 4.2.7.1.4 (Lamp controls), mír (3), ba cheart ‘an automatic flashing/blinking mode’ a chur in ionad ‘a flashing/blinking mode’ chun ailíniú le brí Phacáiste STI 2023;
- (k) i mír (1) de phointe 4.2.9.6 (Recording device), ba cheart ‘Additional data pertaining to the on-board control-command and signalling subsystem may be required to be recorded’ a chur in ionad an cheathrú fómhír chun ailíniú le brí Phacáiste STI 2023;

- (l) i bpointe 4.2.12.2 (General documentation), mír (24):
- sa chéad fhleasc ba cheart ‘control-command and signalling subsystem’ a chur in ionad ‘signalling equipment’;
 - ba cheart ‘conditions for the installation of on-board part of the control-command and signalling subsystem (e.g. mechanical, electrical, etc.).’ a chur in ionad an dara fleasc;
- (m) i bpointe 6.2.6 (Assessment of documentation requested for operation and maintenance), ba cheart mír (1), ‘and assessing entity’ a scriosadh chun ailíniú le brí Phacáiste STI 2023;
- (n) i bpointe 7.3.2, ba cheart gach cás sonrach don Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann a scriosadh, mar a shainítear in TSI LOC&PAS iad.

3.2.2. *Athbhreithniú ar an tSaintreoir Theicniúil Aonfhoirmeach is infheidhme maidir le hinrochtaineacht an chórais iarnróid do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe (UTP PRM)*

Ba cheart don Aontas Eorpach vótáil i bhfabhar athbhreithniú ar UTP PRM faoi mar a mhol OTIF i nDoiciméad Oibre CTE TECH-25004.

3.2.3. *Athbhreithniú ar an tSaintreoir Theicniúil Aonfhoirmeach is infheidhme maidir le marcáil feithicle (UTP Marking)*

Ba cheart don Aontas Eorpach vótáil i bhfabhar athbhreithniú ar UTP Marking faoi mar a mhol OTIF i nDoiciméad Oibre CTE TECH-25005.

3.2.4. *Athbhreithniú ar an tSaintreoir Theicniúil Aonfhoirmeach is infheidhme maidir leis an bhfóchóras ‘bonneagar’(UTP INF)*

Ba cheart don Aontas Eorpach vótáil i bhfabhar athbhreithniú ar UTP INF faoi mar a mhol OTIF i nDoiciméad Oibre CTE TECH-25006.

3.2.5. *Modhnú ar an UTP maidir le Feidhmchláir theileamaitice le haghaidh seirbhísí lasta (UTP TAF)*

Ba cheart don Aontas Eorpach vótáil i bhfabhar modhnuithe ar UTP TAF faoi mar a mhol OTIF i nDoiciméad Oibre CTE TECH-25007, faoi réir an leasaithe a liostaítear thíos. I gcás nach dtugtar isteach an leasú sin, ba cheart don Aontas Eorpach vótáil i gcoinne an athbhreithnithe atá beartaithe ar UTP TAF.

- sa tábla i bhFoscábhinn I, ba cheart an méid seo a leanas a chur in ionad líne uimhir 6 chun tagairt a dhéanamh ina ionad sin don leagan cothrom le dáta de dhoiciméid theicniúla STI FTL arna bhfoilsiú ag an nGníomhaireacht⁶:

6.	ERA-TD-105	STI TAF Iarscríbhinn D.2:	-	3.5.1	An 15 Nollaig 2024
----	------------	------------------------------	---	-------	-----------------------

⁶ Available at [TSI_TAF/Technical documents at master · EU-Agency-for-Railways/TSI_TAF · GitHub](https://github.com/TSI-TAF/Technical_documents_at_master).

		Foscúbhinn F - Sonraí agus samhail teachtaireachta STI TAF		
--	--	--	--	--

3.2.6. Nuashonrú ar an Lámhleabhar maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Rialacha Aonfhoirmeacha APTU agus ATMF.

Ba cheart don Aontas Eorpach vótáil i bhfabhar na modhnuithe ar an Lámhleabhar faoi mar a mhol OTIF i nDoiciméad Oibre CTE TECH-25011, faoi réir na leasuithe a liostaítear thíos. I gcás nach dtugtar isteach na leasuithe sin, ba cheart don Aontas Eorpach vótáil i gcoinne an nuashonraithe atá beartaithe ar an Lámhleabhar.

Pointe 5.3.3 – cásanna sonracha

- Ba cheart cás sonracha a úsáid chun diall ó cheanglas sna Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha a shonrú mar gheall ar shrianta teicniúla a dhéanann difear do chomhoiriúnacht leis an gcóras atá ann cheana.
- Ba cheart ceanglas teicniúil náisiúnta a úsáid chun ceanglas seachas na ceanglais sin a leagtar síos sna UTPanna a shainiú.
- I gcás ina bhfuil an modh chun measúnú a dhéanamh ar chás ar leith casta agus rófhada chun tuairisc a thabhairt air in UTP, féadfaidh an cás sonracha in UTP tagairt a dhéanamh do cheanglas teicniúil náisiúnta sonracha lena sainítear an modh measúnaithe comhfhreagrach.

Pointe 5.4 – ceanglais theicniúla náisiúnta

- I gcás ina dtagann ceanglas teicniúil náisiúnta, go hiomlán nó go páirteach, faoi raon feidhme ceanglais a leagtar síos in UTP, ba cheart é a aistriú chuig UTP i bhfoirm cás sonracha.

Pointe 10.3 – Comhghaol le dlí an Aontais

- Cé go bhfuil na ceanglais nach mór do na heintitis a bhfuil cothabháil faoina chúram ('ECCanna') a chomhlíonadh chun deimhniú a fháil agus cáilíochtaí chomhlachtaí deimhniúcháin ECC comhchuibhithe idir an tAontas agus OTIF, tá raon feidhme comhlachtaí deimhniúcháin ECC neamh-AE teoranta do dheimhniú ECC a dhéanamh lasmuigh den Aontas, gan beann ar cheanglais ECC a bheith coibhéiseach i ndlí an Aontais agus COTIF agus gan beann ar ghlacadh an Aontais le feithiclí a chomhlíonann UTP sa trácht idirnáisiúnta isteach san Aontas ar bhonn COTIF. Níor cheart do chomhlachtaí deimhniúcháin ECC neamh-AE, dá bhrí sin, ECCanna a dheimhniú san Aontas, ach amháin má cheadaítear é sin le comhaontú sonracha leis an Aontas.
- I bhfianaise nach n-áirítear le ATMF UR coinníollacha maidir le rochtain ar an margadh le haghaidh soláthairtí seirbhíse, ní féidir le ECCanna eachtracha ná comhlachtaí deimhniúcháin ECC cearta a dhearbhu chun a seirbhísí a sholáthar i stát eile ar bhonn COTIF ach féadfaidh cinntí aontaobhacha nó iltaobhacha idir na stáit sin soláthar na seirbhísí sin a údarú ar chríoch ceann amháin nó níos mó de na stáit sin.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí don nós imeachta

4.1.1. Prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear *‘na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.’*

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE gan beann ar cé acu is comhalta den chomhlacht é an tAontas, nó nach ea, nó cé acu atá sé ina pháirtí sa chomhaontú, nó nach bhfuil⁷.

Áirítear sa choincheap *‘gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo’* gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha a bhaineann le dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach *‘a d’fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh’*⁸.

4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Is comhlacht é CTE a cuireadh ar bun le comhaontú, is é sin COTIF, go háirithe faoi Airteagal 13(1)(f) de.

Na gníomhartha a liostaítear thuas agus a iarrtar ar CTE a ghlacadh le linn an 17ú seisiún dá chuid, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo.

Modhnaítear creat dlíthiúil OTIF leis na gníomhartha atá beartaithe. Ós rud é gur páirtí conarthach iomlán in COTIF é an tAontas⁹, beidh na gníomhartha atá beartaithe ina gceangal ar an Aontas faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 6(1) APTU agus Airteagal 35 §§ 3 agus 4 COTIF.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí don nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

4.2. Bunús dlí substainteach

4.2.1. Prionsabail

Braitheann an bunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith.

⁷ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64

⁸ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64

⁹ Cinneadh 103/2013/AE ón gComhairle maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d’Iarnród maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh don Choinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d’Iarnród (COTIF) an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnius an 3 Meitheamh 1999 (IO L 51, 23.2.2013, lch. 1 ECLI: [http://data.europa.eu/eli/dec/2013/103\(1\)/oj](http://data.europa.eu/eli/dec/2013/103(1)/oj)).

4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Is le hiompar ar iarnród idirnáisiúnta a bhaineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 91 CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

4.3. Conclúid

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 91 CFAE i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 17ú cruinniú de Choiste Saineolaithe Teicniúla na hEagraíochta Idir-rialtasáí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) maidir leis an athbhreithniú ar Shaintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha is infheidhme maidir leis an bhfochóras ‘rothstoc – innill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí’ (UTP LOC&PAS), i ndáil le hinrochtaineacht an chórais iarnróid do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe (UTP PRM), maidir le marcáil feithicle (UTP Marking), leis an bhfochóras ‘bonneagar’ (UTP INF), leis an bhfochóras Feidhmchláir theileamaitice le haghaidh seirbhísí lasta (UTP TAF), agus leis an nuashonrú ar an Lámhleabhar maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Rialacha Aonfhoirmeacha APTU agus ATMF

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) D'aontaigh an tAontas don Choinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnius an 3 Meitheamh 1999 ('COTIF'), i gcomhréir le Cinneadh 2013/103/AE ón gComhairle¹⁰ agus leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh don Choinbhinsiún COTIF ('an Comhaontú')¹¹.
- (2) De bhun Airteagal 13(1)(f) de COTIF, cuireadh Coiste Saineolaithe Teicniúla ('CTE') OTIF ar bun.
- (3) De bhun Airteagal 20(1)(b) de COTIF, agus i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de na Rialacha Aonfhoirmeacha maidir le Caighdeán Teicniúla a Bhailíochtú agus Sainleabhar Teicniúla Aonfhoirmeacha a Ghlacadh is infheidhme maidir le hÁbhar Iarnróid le haghaidh úsáid sa Trácht Idirnáisiúnta (APTU) – Foscríbhinn F a ghabhann le COTIF, tá CTE inniúil chun Sainleabhar Teicniúla Aonfhoirmeacha (UTP) a ghlacadh nó a leasú, *inter alia*, na Sainleabhar Teicniúla Aonfhoirmeacha (UTP) is infheidhme maidir leis an bhfochóras 'rothstoc – innill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí' (UTP LOC&PAS), maidir le hinrochtaineacht an chórais iarnróid do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe (UTP

¹⁰ Cinneadh 2013/103/AE ón gComhairle an 16 Meitheamh 2011 maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh don Choinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF) an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnius an 3 Meitheamh 1999 (IO L 51, 23.2.2013, lch. 1 ELI: [http://data.europa.eu/eli/dec/2013/103\(1\)/oj](http://data.europa.eu/eli/dec/2013/103(1)/oj))

¹¹ IO L 51, 23.2.2013, lgh. 8–10.

PRM), maidir le marcáil feithiclí (UTP Marking), maidir leis an bhfochóras ‘bonneagar’ (UTP INF) agus maidir leis an bhfochóras Teileamaitic le haghaidh seirbhísí lasta (UTP TAF).

- (4) De bhun Airteagal 20(1)(e) de COTIF, agus i gcomhréir le hAirteagal 21(4) de na Rialacha Aonfhoirmeacha maidir le Cead Isteach Teicniúil d’Ábhar Iarnróid a úsáidtear sa Trácht Idirnáisiúnta (ATMF – Foscríbhinn G a ghabhann leis an gCoimhinsiún); tá CTE inniúil chun, *inter alia*, an Lámhleabhar maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Rialacha Aonfhoirmeacha APTU agus ATMF a ghlacadh nó a leasú.
- (5) Maidir leis an 17ú seisiún dá chuid a bheidh ar siúl an 17 agus an 18 Meitheamh 2025 tá togra curtha ag CTE ar an gclár oibre le haghaidh cinntí maidir le hathbhreithniú ar UTP LOC&PAS, UTP PRM, UTP Marking, agus UTP INF, maidir le modhnú ar Foscríbhinn I a ghabhann le UTP TAF, agus maidir le nuashonrú ar an Lámhleabhar maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Rialacha Aonfhoirmeacha APTU agus ATMF
- (6) Beidh éifeachtaí dlíthiúla ag gníomhartha CTE atá beartaithe.
- (7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in CTE a leagan síos mar beidh na cinntí atá beartaithe ceangailteach ar an Aontas de bhun Airteagal 6(1) APTU agus Airteagal 35 §§ 3 agus 4 COTIF.
- (8) Is é is aidhm do na cinntí sin UTP LOC&PAS, UTP PRM, UTP Marking, agus UTP INF a ailíniú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1694 ón gCoimisiún¹², na tagairtí do Dhoiciméid Theicniúla ERA maidir le STI TAF a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann le UTP TAF a ailíniú, agus an Lámhleabhar maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Rialacha Aonfhoirmeacha APTU agus ATMF a thabhairt cothrom le dáta agus an t-aiseolas ó thaithí Stáit Chonarthaigh COTIF á chur san áireamh.
- (9) Tá na cinntí atá beartaithe ó OTIF chun UTP PRM, UTP Marking, agus UTP INF a athbhreithniú i gcomhréir le dlí agus le cuspóirí straitéiseacha an Aontais toisc go rannchuidíonn siad le hailíniú reachtaíocht OTIF le forálacha coibhéiseacha dhlí an Aontais, agus dá bhrí sin ba cheart don Aontas tacú leo.
- (10) Tá na cinntí atá beartaithe ó OTIF chun UTP LOC&PAS a athbhreithniú agus chun larscríbhinn I a ghabhann le UTP TAF a mhodhnú i gcomhréir le dlí agus le cuspóirí straitéiseacha an Aontais go ginearálta freisin, agus rannchuidíonn siad le hailíniú reachtaíocht OTIF le forálacha coibhéiseacha dhlí an Aontais. Mar sin féin, ba cheart cuid de na hathruithe atá beartaithe ag OTIF a ailíniú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1694 ón gCoimisiún¹³ (‘Pacáiste TSI 2023’). Dá bhrí sin, is gá leasuithe a mholadh ar chinntí atá beartaithe ó OTIF chun athbhreithniú a dhéanamh ar UTP LOC&PAS agus chun Foscríbhinn I a ghabhann le UTP TAF a mhodhnú, chun ailíniú le *acquis* an Aontais arna leasú go deireanach le Pacáiste TSI 2023 a áirithiú. Dá bhrí

¹² Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1694 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2023 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 321/2013, (AE) Uimh. 1299/2014, (AE) Uimh. 1300/2014, (AE) Uimh. 1301/2014, (AE) Uimh. 1302/2014, (AE) Uimh. 1304/2014 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/777 (IO L 222, 8.9.2023, I. 88, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1694/oj)

¹³ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1694 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2023 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 321/2013, (AE) Uimh. 1299/2014, (AE) Uimh. 1300/2014, (AE) Uimh. 1301/2014, (AE) Uimh. 1302/2014, (AE) Uimh. 1304/2014 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/777 (IO L 222, 8.9.2023, I. 88, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1694/oj).

sin, ba cheart don Aontas tacú leis na cinntí atá beartaithe faoi réir an choinníll go dtabharfar isteach na leasuithe sin.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é seo a leanas an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn an 17ú seisiún de CTE den Choinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród an 9 Bealtaine 1980 maidir leis an athbhreithniú ar UTP LOC&PAS is infheidhme maidir leis an bhfochóras 'rothstoc – innill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí', maidir leis an athbhreithniú ar UTP PRM is infheidhme maidir le hinrochtaineacht an chórais iarnróid do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, maidir leis an athbhreithniú ar UTP Marking is infheidhme maidir le marcáil feithiclí, maidir leis an athbhreithniú ar UTP INF is infheidhme maidir leis an bhfochóras 'bonneagar', agus maidir leis na tagairtí do Dhoiciméid Theicniúla STI TAF a liostaítear i bhFoscscríbhinn I de UTP TAF agus den Lámhleabhar maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Rialacha Aonfhoirmeacha APTU agus ATMF a thabhairt cothrom le dáta:

- (1) vótáil i bhfabhar an athbhreithnithe atá beartaithe ag CTE ar UTP LOC&PAS maidir leis an bhfochóras 'rothstoc – innill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí', mar atá i nDoiciméad Oibre CTE TECH-25003 UTP LOC&PAS, faoi réir na leasuithe seo a leanas:
 - (a) i roinn 1 (Introduction) den Iarscríbhinn, an dara fomhír, cuirtear 'network(s) in ionad an fhocail 'infrastructure';
 - (b) i bpointe 2.1 (An fochóras rothstoic agus mar chuid den chóras iarnróid) den Iarscríbhinn, an ceathrú fomhír, scriostar 'UTP WAG';
 - (c) i bpointe 2.2.1 (Foirmiú traenach), cuirtear mír (1), 'UTP verification procedure' in ionad an téarma 'OTIF technical admission';
 - (d) scriostar pointí 3.2.1 (Ceanglais ghinearálta, ceanglais a bhaineann le cothabháil agus oibriú) agus 3.2.2 (Ceanglais a bhaineann go sonrach le fochóras eile);
 - (e) i bpointe 4.2.3.4.2 (Iompar dinimiciúil reatha), cuirtear 'Additional requirements regarding interface with on-board part of the control-command and signalling subsystem' in ionad theideal mhír (d);
 - (f) i mír (8) de phointe 4.2.3.4.2 (Running dynamic behaviour), i míreanna (3) agus (4) de phointe 4.2.4.3 (Type of brake system), i mír (3) de phointe 4.2.4.4.1 (Emergency braking command), i mír (5) de phointe 4.2.4.4.2 (Service braking command), i mír (4) de phointe 4.2.4.4.4 (Dynamic braking command), i mír (6) de phointe 4.2.4.8.2 (Magnetic track brake), i mír (9) de phointe 4.2.4.8.3 (Eddy current track brake), i mír (2) de phointe 4.2.5.5.6 (Door opening), i mír (8) de phointe 4.2.8.1.2 (Requirements on performance), i mír (4) de phointe 4.2.8.2.4 (Maximum power and current from the overhead contact line), i mír (5), an dara fomhír, de phointe 4.2.8.2.9.8 (Running through phase or system separation sections (RST level)), i míreanna (5) agus (6) de phointe 4.2.9.1.6 (Driver's desk ergonomics), i mír (4) de phointe 4.2.9.3.6 (Radio Remote control function by staff for shunting operation), i bpointí 4.2.9.3.8.1 (Sleeping mode), 4.2.9.3.8.2 (Passive shunting), 4.2.9.3.8.3 (Non

leading), 4.2.9.3.9 (Traction status), i mír (5) de phointe 4.2.10.4.2 (Smoke Control), i bpointe 4.2.13 (Interface requirements with Automated Train Operation on-board):

- cuirtear ‘control-command and signalling subsystem’ in ionad ‘signalling system’;
 - scriostar ‘See point 4.3.4’;
- (g) i bpointe 4.2.4.6.1 (Teorainn na próifíle greamaitheachta rotha riain), scriostar an fhoclaíocht ‘Note to points (1) – (4)’;
- (h) i bpointe 4.2.4.7 (Dynamic brake – Braking system linked to traction system), cuirtear ‘For electric units, in case the presence on-board the unit of the voltage delivered by the external power supply is a condition for the dynamic brake application, the safety analysis shall cover failures leading to absence on-board the unit of that voltage.’ in ionad an tríú mír;
- (i) i bpointe 4.2.7.1.4 (Lamp controls), mír (3), cuirtear ‘an automatic flashing/blinking mode’ in ionad ‘a flashing/blinking mode’;
- (j) i mír (1) de phointe 4.2.9.6 (Recording device), cuirtear ‘Additional data pertaining to the on-board control-command and signalling subsystem may be required to be recorded’ in ionad an cheathrú fomhír;
- (k) i bpointe 4.2.12.2 (General documentation), mír (24):
- sa chéad fhleasc, cuirtear ‘control-command and signalling subsystem’ in ionad ‘signalling equipment’;
 - cuirtear ‘conditions for the installation of on-board part of the control-command and signalling subsystem (e.g. mechanical, electrical, etc.).’ in ionad an dara fleasc;
- (l) i bpointe 6.2.6 (Assessment of documentation requested for operation and maintenance), mír (1), scriostar ‘and assessing entity’;
- (m) i bpointe 7.3.2, scriostar gach cás sonrach a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.
- (2) vótáil i bhfabhar na leasuithe atá beartaithe ag CTE ar UTP PRM is infheidhme maidir le hinrochtaineacht an chórais iarnróid do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, mar atá i nDoiciméad Oibre CTE TECH-25004 UTP PRM.
- (3) vótáil i bhfabhar na leasuithe atá beartaithe ag CTE ar UTP Marking is infheidhme maidir le marcáil feithiclí, mar atá i nDoiciméad Oibre CTE TECH-25005 UTP Marking;
- (4) vótáil i bhfabhar na leasuithe atá beartaithe ag CTE ar UTP INF is infheidhme maidir leis an bhfóchóras ‘bonneagar’, mar atá i nDoiciméad Oibre CTE TECH-25006 UTP INF.
- (5) vótáil i bhfabhar thogra CTE na tagairtí do na Doiciméid Theicniúla maidir le STI TAF a liostaítear i bhFoscúbhinn I a ghabhann le UTP TAF a thabhairt cothrom le dáta, mar atá i nDoiciméad Oibre CTE TECH-25007 UTP TAF, faoi réir an leasaithe seo a leanas:
- sa tábla i bhFoscúbhinn I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad líne uimhir 6:

6.	ERA-TD-105	STI TAF - Iarscríbhinn D.2: Foscríbhinn F - Sonraí agus samhail teachtaireachta STI TAF	3.5.1	An 15 Nollaig 2024
----	------------	--	-------	-----------------------

(6) vótáil i bhfabhar thogra CTE an Lámhleabhar maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Rialacha Aonfhoirmeacha APTU agus ATMF a thabhairt cothrom le dáta, mar atá i nDoiciméad Oibre CTE TECH-25011 UTP TAF, faoi réir na leasuithe seo a leanas:

- Pointe 5.3.3 – cásanna sonracha
 - sa chéad fhleasc, ba cheart ‘A specific case should be used’ a chur in ionad ‘A specific case is primarily used’;
 - sa chéad fhleasc, ba cheart ‘deviation from a requirement in the UTP’ a chomhlánú le ‘due to technical constraints affecting compatibility with the existing system.’;
 - sa chéad fhleasc, ba cheart ‘. A national technical requirement should be used to define a requirement other than those laid down in the UTPs’ a chur in ionad ‘and national technical requirements are mainly used to define requirements in addition to the UTPs’;
 - sa chúigiú fleasc, ba cheart ‘the specific case in the UTP may refer instead to a specific national technical requirement defining corresponding assessment method’ a chur in ionad ‘the specific case may refer to a national technical requirement for this purpose’;
- Pointe 5.4 – ceanglais theicniúla náisiúnta
 - sa cheathrú mír, ba cheart ‘In case a national technical requirement falls, in full or in part, in the scope of a requirement laid down in the UTP, it should be transferred into the UTP in the form of a specific case’ a chur in ionad ‘In some cases, the NTR can be transferred into the UTP, in full or in part, in the form of a specific case’.
- Pointe 10.3 – Comhghaol le dlí an Aontais
 - sa dara mír, ba cheart ‘whether their ECM’ a chur in ionad ‘whether an ECM’;
 - sa cheathrú mír, sa chéad fhleasc, ba cheart ‘should be accepted in international traffic’ a chur in ionad ‘should be accepted’;
 - sa dara fleasc den cheathrú mír, ba cheart ‘For the purpose of providing ECM services on the territory of a Contracting State’ a chur in ionad ‘For the purpose of providing ECM services,’ agus ba cheart ‘that Contracting State’ a chur in ionad ‘Contracting States’.

(7) Féadfaidh an Coimisiún teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe ar na gníomhartha a leagtar amach san Airteagal seo, gan cinneadh eile ón gComhairle.

Airteagal 2

A luaithe a ghlacfar na cinntí ón gCoiste Saineolaithe Teicniúla, foilseofar iad in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, agus dáta a dteacht i bhfeidhm á shonrú.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 16 Meitheamh 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*